

Miontuairiscí an Bhoird Iniúcháireachta

Dáta: 4 Iúil 2025

Suíomh: Sráid an Mhéara

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúcháireachta

1. Socrú an chlár oibre

Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. Breacadh síos aon choimhlinte leasa

Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh

Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 4 Aibreán 2025 agus faomhadh iad lena bhfoilsíú ar inlín na hOifige agus ar an suíomh gréasáin.

Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Bhreac an Bord síos an dul chun cinn a rinneadh sa tionscadal chun athbhreithniú cáilíochta a dhéanamh ar gach achoimre reachtaíochta a cuireadh le chéile don bhunachar sonraí achoimre reachtaíochta. Gheobhaidh an Bord nuashonrú eile ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair.
- Luaigh an Bord go bhfuil blianta comparáideacha breise san áireamh i bpáipéar an chlár iniúcháireachta airgeadais don chruinniú seo. Dúnadh an pointe gnímh seo.

4. Baol atá ag Teacht Chun Cinn

Luaigh an Bord go n-óstálfadh an Éigipt an 25ú Comhdháil de chuid INTOSAI i gcathair Sharm El Sheikh i mí Dheireadh Fómhair 2025. Déanfaidh an Oifig an toscaireacht a chuireann sí chuig an imeacht a thabhairt chun críche níos gaire don imeacht bunaithe ar an staid slándála.

5. Clár iniúcháireachta airgeadais (páipéar A)

Luaigh an Bord an páipéar ina dtuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le trí sprioc iniúcháireachta airgeadais PTF de chuid na hOifige le haghaidh 2025. Luadh sa pháipéar freisin go raibh na ceithre iniúchadh deireadh bliana uile ó 2023, nach raibh deimhnithe faoi dheireadh 2024, deimhnithe faoin 30 Meitheamh 2025.

D'iarr an Bord go gcuirfí nóta leis an bpáipéar ina mínítear an méadú ar chéatadán na gcuntas, arna dtomhas de réir an láimhdeachais, a dheimhnítear in 2025.

6. Nuashonrú ar an iniúcháireacht feidhmíochta (páipéar B)

Thug an Bord dá aire stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha. Thug Stiúrthóir na hIniúcháireachta Feidhmíochta forléargas ardleibhéil ar stádas na gcaibidlí don Tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí 2024. Phléigh an Bord réamhthorthaí ó iniúchtaí cuntas leithreasa

freisin agus is féidir go n-éileofar caibidil i gcás ceann amháin díobh agus i gcás trí cinn díobh is féidir go n-éileofar tuairisciú a dhéanamh mar ailt sa chaibidil Cuntasaíocht Vótaí agus Buiséadú.

7. Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar C)

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm.

Cuireadh iniúchtaí chuntais deiridh na gcomhlachtaí seo a leanas i gcrích, agus dá bharr sin baineadh ó na táblaí iad.

- Ciste Eascró Apple na hÉireann
- Sócmhainn Náisiúnta JVA C.G.A.
- An Ghníomhaireacht Infheistíochta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní C.G.A.
- Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.
- Seirbhísí an Ghrúpa Bainistíocht Sócmhainní Náisiúnta C.G.A.

Chomhaontaigh an Bord gur gá achoimre reachtach a ullmhú sula mbaintear eintiteas den liosta d'iniúchtaí nua. Iarradh go n-ullmhófaí nós imeachta maidir le hachóimrí reachtacha a ullmhú.

8. Nuashonrú ráithiúil an Oireachtais (páipéar D)

Phléigh an Bord an páipéar seo.

9. Cuntas nochtuithe (páipéar E)

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

Luaigh an Bord gurb amhlaidh d'fhonn nochtadh a dhúnadh agus a bhaint den liosta nach mór meamram a sholáthar do ARC&C ina mínítear an tsaincheist a nochtadh, na gníomhaíochtaí a rinneadh, na torthaí agus a n-impleacht agus conclúid maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart an nochtadh a dhúnadh.

10. Iniúchtaí deireadh bliana 2025 molta do EQR (páipéar F)

D'fhaomh an Bord na hiniúchtaí deireadh bliana le haghaidh chuntas 2025 a moladh do EQR mar a cuireadh i láthair sa pháipéar.

Sábhálfar an liosta faofa ar an tiomántán faisnéise bainistíochta agus na EQRanna sannta.

D'iarr an Bord go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpróiseas chun iniúchtaí a roghnú do EQR a thabhairt chuig cruinniú mhí na Nollag 2025. Ba cheart an t-athbhreithniú a dhíriú ar an tsamhail riosca a chomhtháthú sa phróiseas roghnúcháin agus a bheith níos sonraí i dtaobh na cúise a roghnaítear gach iniúchadh.

D'iarr an Bord freisin go n-éileofaí le céim phleanála EQR athbhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí riosca iniúchadh an eintitis lena n-áirítear an rátáil a tugadh. Ba cheart d'fhoirne iniúcháireachta spriocdháta a leagan síos do chéim phleanála EQR chun cur i gcrích tráthúil a áirithiú.

11. Tuairisc maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise (páipéar G)

Phléigh an Bord an páipéar agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Oifig maidir le tabhairt faoi na gníomhartha straitéise atá taobh thiar de Ráiteas Straitéise na hOifige 2021-2025.

Phléigh an Bord dul chun cinn freisin maidir le plean straitéiseach 2026-2030 a ullmhú.

12. Dréacht-Tuarascáil Feidhmíochta na hOifige 2024 (páipéar H)

Luaigh an Bord an tuarascáil agus sholáthair sé cúpla mionleasú. D'iarr an Bord freisin go ndeimhneodh an fhoireann ríomh mheánráta na bearna pá idir na hinscní in aghaidh na huaire agus go soláthródh sí míniú sa tuarascáil ar an mbearna phá.

13. Athbhreithniú bliantúil ar chóras na bainistíochta cáilíochta 2024 (páipéir I agus I.1)

Luaigh an Bord an tAthbhreithniú bliantúil ar chóras na bainistíochta cáilíochta 2024.

D'iarr an Bord go ndéanfaí roinnt athbhreithnithe ar an ráiteas éifeachtachta agus d'iarr sé go gcuirfí leagan athbhreithnithe i láthair ag cruinniú mhí na Nollag 2025.

14. Aon ghnó eile

Phléigh an Bord an réamhchlár oibre do chomhdháil bhliantúil na hoifige a bhí sceidealaithe le haghaidh an 6 agus an 7 Samhain 2025.

Tá an chéad chruinniú eile den Bhord Iniúcháireachta sceidealaithe le haghaidh Dé hAoine an 10 Deireadh Fómhair 2025.